

INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO
SCRÚDÚ FAOI THEASTAIS GHAEILGE

AN SCRÚDÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAEILGE
OIRIÚNÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAEILGE
FÓMHAR 2019

TRIAIL CHLUASTUISCEANA
TÉACS NA MÍREANNA

Na gíotaí sa triail chluastuisceana seo,
tá siad curtha in oiriúint ó ghíotaí a foilsíodh in
<http://www.tuairisc.ie>; <http://www.cogg.ie>; www.donegal.ie

Treasa:

Institiúid Oideachais Marino, 2019.

An Cháilíocht sa Ghaeilge.

Triail Chluastuisceana.

Leanfaidh an triail seo ar feadh beagnach uair an chloig. Iarrtar ort éisteacht leis na giotáí cainte ar fad agus leis na treoracha a chloisfidh tú ar an téip.

Tá trí roinn sa triail: Roinn A: Fógraí

Roinn B: Comhráite

Roinn C: Míreanna Nuachta

Tá na treoracha agus na ceisteanna a bhaineann le gach ceann de na trí roinn sin, clóbhuailte ar do pháipéar scrúdaithe.

[Bleep]

Roinn A: Léigh ar do pháipéar scrúdaithe na treoracha agus na ceisteanna a bhaineann le Roinn A.

[Bleep]

[30 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Fógra 1

(Canúint na Mumhan)

Áine:

Fógra anseo ó C.O.G.G., is é sin an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta. Tá Oifigeach Oideachais Bunscoile á earcú againn. Beidh an duine a cheapfar ag taisteal ar fud na tíre agus ag plé, go háirithe, le háiseanna teagaisc i scoileanna Lán-Ghaeilge. Ina theannta sin, beidh ar an té a cheapfar cúrsaí a eagrú do mhúinteoirí.

Post bliana a bheidh i gceist agus cé go bhfuil príomhoifig C.O.G.G. suite i mBaile Átha Cliath, ní bheidh ar an duine a cheapfar a bheith i mBaile Átha Cliath ach cúpla uair sa bhliain.

Tá tuilleadh eolais faoin bpost ar fáil ag www.cogg.ie. Is é Dé Máirt, an seachtú lá is fiche de Lúnasa, dhá mhíle agus a naoi déag, an spriocdháta chun iarratas a chur isteach.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Fógra 2

(Canúint Chonnacht)

Seosamh:

Fógra anseo ó Gael-Linn. Tá *Súgradh Só* ar fáil arís! Is albam gleoite d'amhráin do pháistí é *Súgradh Só* a tháinig amach ar dtús sa bhliain naoi déag seasca agus a naoi ach nach raibh fáil air le fada. Rinne Gael-Linn digitiú ar an albam an bhliain seo caite agus tá sé curtha ar fáil arís ar líne anois.

Ba é an cór, Cantairí Beaga Átha Cliath, a chan ar an albam caoga bliain ó shin agus ba é Proinsias Ó Ceallaigh a bhí mar stiúrthóir ceoil ag an gcór. Chan an cór amhráin mar 'Ding Dong Dederó' agus 'Mo Chaora Bhán' ar an albam agus bhí an t-amhránaí cáiliúil, Mary Black, i measc na n-amhránaithe óga.

Tá tuilleadh eolais maidir leis an leagan digiteach den albam ar fáil ag www.gael-linn.ie nó trí ghlaó a chur ar an oifig ag (01) 6751200.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Fógra 3

(Canúint Uladh)

Muiris:

Fógra anseo ó Mhúsaem Chontae Dhún na nGall i Leitir Ceanainn. Eagróidh an Músaem réimse leathan d’imeachtaí i rith an fhómhair. Ag deireadh Mhí Lúnasa beidh taispeántas sealadach ar siúl sa Phríomh-Halla agus beidh ceardlanna scoile ar siúl san áit chéanna i Mí Mheán Fómhair.

Tá sé d’aidhm ag an músaem cuimhne phobal Dhún na nGall a chaomhnú agus a cheiliúradh. Cuireann an Músaem fáilte ar leith roimh theaghlaigh agus bíonn gasúir óga in ann cuid de thaiscí an mhúsaeim a aimsiú le cabhair ó áis speisialta - “Mála Droma na mBleachtairí” - atá ar fáil, sa Mhúsaem, le tógáil ar iasacht.

Bíonn an Músaem ar oscailt don phobal ó Luan go Satharn, idir a deich a chlog ar maidin agus a leathuair tar éis a ceathair um thráthnóna. Is féidir tuilleadh eolais a fháil trí ríomhphost a chur chuig músaem@dúnnangall.ie.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Bleep]

Treasa:

Roinn B: Léigh ar do pháipéar scrúdaithe na teoracha agus na ceisteanna a bhaineann le

Roinn B.

[Bleep]

[30 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Comhrá I
(Canúint na Mumhan)

- Conchúr: Dia duit, a Íde! Díreach an duine a bhí á lorg agam. Conas atá cúrsaí leat?
(Tomás)
- Íde: Dia is Muire duit, a Chonchúir táim go han-mhaith ar fad.
(Áine) Conas atá cúrsaí leatsa?
- Conchúr: Tá gach rud go breá, buíochas le Dia. 'Bhfuil a fhios agat, tá dhá thicéad agam do "Bewleys ag a Sé" don Déardaoin seo chugainn. Ar mhaith leat teacht in éineacht liom?
- Íde: "Bewleys ag a Sé", cad é sin?
- Conchúr: Is ócáid Ghaeilge í a eagraítear uair sa mhí, ó Mheán Fómhair go Bealtaine, in amharclann Bewleys ar Shráid Grafton.
- Íde: Agus an ócáid cheoil í?
- Conchúr: 'Sea. Ceolchoirm ghearr is ea í i ndáiríre. Maireann sí óna sé a chlog go dtí a hocht a chlog de ghnáth. Déardaoin seo chugainn, is é an grúpa Líadan a bheidh ar an stáitse.
- Íde: Líadan! Ba bhreá liom an grúpa sin a fheiceáil... rachaidh mé in éineacht leat! Cé mhéid a chosain na ticéid?
- Conchúr: Cúig euro déag an ceann agus tá blaisíní bia san áireamh i bpraghas an ticéid.
- Íde: Tá sé sin an-réasúnta. Ceannóidh mé deoch duit ag an ócáid - glacaim leis go mbeimid in ann deoch a cheannach sa chaife.
- Conchúr: Beidh. De ghnáth bíonn fíon, beoir, deochanna boga, tae agus caife ar fáil sa chaife ach bíonn comhlúadar maith ann, leis, agus bíonn gach duine ag labhairt as Gaeilge.
- Íde: Ar fheabhas! Beidh sé go hiontach deis a fháil an Ghaeilge a chleachtadh.
- Conchúr: Buailfidh mé leat tar éis na hoibre Déardaoin, más ea. An ndéarfaimid a ceathrú tar éis a cúig lasmuigh d'Fhaiche Stiabhna ag barr Shráid Grafton?
- Íde: Beidh mé ann agus seans go mbeimid in ann roinnt siopadóireacht fuinneoige a dhéanamh ar an mbealach chuig an gceolchoirm!

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Comhrá 2
(Canúint Chonnacht)

- Caoimhín: Dia duit, a Dheirdre. Tá tú ar ais ón Spáinn.
(Seosamh)
- Deirdre: Dia is Muire duit, a Chaoimhín. 'Sea táim ar ais.
(Treasa) Bhí saoire iontach agam le mo mháthair in Andalucia. Ar tharla aon ní anseo nuair a bhíomar thar leat?
- Caoimhín: Ar chuala tú go mbeidh Máirtín Tom Sheáinín agus a chlár *Comhrá* ar ais ar TG4?
- Deirdre: Níor chuala. Ach is dea-scéal é sin. Is breá liom an clár, *Comhrá*. Bhí díomá an domhain orm nuair a chuir siad deireadh leis sa bhliain 2017.
- Caoimhín: Bhí díomá ar go leor daoine faoin gcinneadh sin
- Deirdre: Cinneadh conspóideach a bhí ann ag an am.
- Caoimhín: Is fíor duit. Seachas cláir a dhéanamh sa stiúideo i mBaile na hAbhann bhí sé mar pholasaí ag TG4, ag an am sin, cláir a choimisiúnú ó chomhlachtaí neamhspleácha. Cuireadh deireadh leis an gclár *Seó Spóirt* faoin bpolasaí céanna.
- Deirdre: Is cuimhin liom go raibh go leor daoine ag gearán faoi ar na meáin shóisialta.
- Caoimhín: Bhuel! Is cosúil gur thug TG4 cluas éisteachta do na gearáin mar beidh Máirtín Tom Sheáinín ar ais Dé Máirt seo chugainn.
- Deirdre: Tá sé sin go hiontach! Bíonn aíonna spéisiúla aige i gcónaí agus bíonn sé in ann iad a chur ar a gcompord.
- Caoimhín: Tá bua ar leith aige, ceart go leor. Meallann sé scéalta ó na haíonna ar bhealach ciúin stuama.
- Deirdre: Cé a bheidh ina chuideachta Dé Máirt seo chugainn?
- Caoimhín: Máirín Windsor – bean as Conamara a bhfuil cónaí uirthi i mBaile Átha Cliath le fada. Chuala mé gur scéalaí den scoth í agus go bhfuil togha na Gaeilge aici.
- Deirdre: Thar cionn! Beidh mé ag súil leis an gcomhrá sin!

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Comhrá 3
(Canúint Uladh)

- Dónal: Comhghairdeas leat, a Mhoya! Chuala mé gur tháinig tú sa chéad áit sa rás deich gciliméadar ag an deireadh seachtaine!
(Muiris)
- Moya: Go raibh míle maith agat, a Dhónail! Bhí sé ar dóigh duais a fháil
(Caitlín) tar éis na traenála go léir.
- Dónal: Caithfidh go mbíonn an-chuid traenála i gceist.
- Moya: Téim ag traenáil achan oíche. Tá an t-ádh orm go bhfuil beirt chairde agam a thagann ag traenáil in éineacht liom go rialta.
- Dónal: Is mór an cuidiú é sin. Is dócha go spreagann sibh a chéile.
- Moya: Spreagann cinnte. Nuair a bhíonn coinne agat bualadh le duine chun dul ag rith, bíonn ort an tolg compordach a fhágáil.
- Dónal: Agus cá dtéann sibh de ghnáth?
- Moya: Tá Slí na Sláinte in aice le mo theach. Tá sé deich gciliméadar ar fad agus leanann sé an cósta. Tá sé an-áisiúil. Agus céard fútsa, a Dhónail. An ndéanann tú aon traenáil?
- Dónal: Déanann. Is ball mé de chlub aclaíochta. Bíonn seisiún aclaíochta agam san Ionad Gleacaíochta achan Luan a mhaireann caoga bomaite.
- Moya: Tá sé sin ar dóigh. Caithfidh go bhfuil tú an-aclaí. Ba chóir duit teacht amach ag rith linn oíche éigin.
- Dónal: 'Bhfuil a fhios agat, ba bhreá liom triail a bhaint as. An mbeidh sibh ag dul amach anocht?
- Moya: Beidh. Beimid ag fágáil mo thí ar a sé a chlog anocht, beidh fáilte romhat bualadh linn ansin.
- Dónal: Iontach! Beidh mé ann.
- Moya: Agus, a Dhónail, mar eolas duit...beidh rás sealaíochta ar siúl i nGaoth Dobhair i lár Mhí Mheán Fómhair. Seans go mbeimid in ann páirt a ghlacadh ann mar fhoireann...
- Dónal: Tchífimid! Bainfidh mé triail as an traenáil ar dtús ar aon nós.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Bleep]

Treasa:

Roinn C: Léigh ar do pháipéar scrúdaithe na teoracha agus na ceisteanna a bhaineann le Roinn C

[Bleep]

[30 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Mír Nuachta 1

(Canúint na Mumhan)

Tomás:

Tá John Prendergast ceaptha ina Oifigeach Pleanála Teanga i nGaeltacht Chorca Dhuibhne i gContae Chiarraí. Is as Trá Lí do Prendergast ó dhúchas ach tá ceangal láidir aige le Corca Dhuibhne, óir is as an gceantar sin dá mháthair.

Tá céim ag Prendergast sa Ghaeilge ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh agus tá sé ag obair, i láthair na huair, mar Theagascóir Gaeilge le Fulbright in Ollscoil Notre Dame in Indiana. Tá tréimhsí caite aige, leis, ag múineadh Gaeilge i gCeanada agus sa Bhreatain Bheag.

Agus é ag labhairt le Tuairisc.ie aréir dúirt Prendergast go raibh ríméad air an post nua a fháil agus go raibh sé ag tnúth go mór le tabhairt faoin obair. Dúirt sé go raibh sé mar sprioc ar leith aige labhairt na Gaeilge a spreagadh i measc dhéagóirí an cheantair.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Mír Nuachta 2

(Canúint Chonnacht)

Treasa:

Dúnadh Oifig an Phoist i Leitir Mealláin i gContae na Gaillimhe inniu tar éis di a bheith ochtó bliain ar an bhfód.

I Mí Lúnasa seo caite, dheimhnigh *An Post* go raibh margadh déanta acu le Cumann na Máistrí Poist agus go ndúnfaí thart ar chéad seasca Oifig an Phoist san iomlán mórthimpeall na tíre roimh dheireadh na bliana. Fógraíodh go mbeadh ocht n-oifig déag de na hoifigí sin i gContae na Gaillimhe agus ceithre cinn i nGaeltacht na Gaillimhe.

In agallamh don chlár Adhmhaidin ar Raidió na Gaeltachta, dúirt Caroline Uí Ráinne, a chaith seacht mbliana is fiche ina máistreás phoist i Leitir Mealláin go bhfuil idir shonas agus bhrón ag baint leis an lá. Ar an gclár céanna, dúirt Príomhfheidhmeannach ar *An Post*, David McRedmond, nach “ionsaí” ar mhuintir na tuaithe a bhí i ndúnadh na n-oifigí poist ach plean tarrthála d’oifigí poist ar fud na tíre.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Mír Nuachta 3

(Canúint Uladh)

Caitlín:

Ag ócáid an-deas aréir, rinne an tAire Oideachais agus Scileanna, Joe McHugh, agus An tAire Stáit don Ghaeilge, don Ghaeltacht agus do na hOileáin, Seán Kyne, Ionad Pobail Naomh Fionnán ar an Fhál Carrach a oscailt go hoifigiúil. Halla ilghnéitheach le spás do cheithre chéad duine atá san ionad úr. Tá stáitse do léirithe, áiseanna chun bia a chur ar fáil agus seomraí feistis ann fosta.

Agus é ag labhairt le RTÉ Raidió na Gaeltachta, dúirt Michael Duggan, atá ina bhall de choiste forbartha an Fháil Charraigh, gur tógadh ionad pobail Naomh Fionnán ar shuíomh sean-halla agus gur chosain sé seacht gcéad míle euro san iomlán.

Rinne Joe McHugh comhghairdeas mór le hachan duine a bhí páirteach sa tógra agus mhol sé díograis na ndaoine a bhí ar an choiste. Dúirt Seán Kyne go bhfuil an t-ionad críochnaithe amach go caighdeán ard agus go mbainfeadh muintir an cheantair an-leas as sna blianta atá amach romhainn.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Bleep]

Treasa:

Tá an triail thart anois. Go raibh maith agaibh.